



An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2026  
(OR. en)

8897/26

**ECOFIN 575**  
**UEM 162**  
**ECB**  
**EIB**

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	4 Bealtaine 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 175 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, AN CHOMHAIRLE, AN BANC CEANNAIS EORPACH, COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS COISTE NA RÉIGIÚN The introduction of the euro in Bulgaria

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 175 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 175 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 30.4.2026  
COM(2026) 175 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN**

**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, AN CHOMHAIRLE, AN BANC CEANNAIS  
EORPACH, COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS  
COISTE NA RÉIGIÚN**

**The introduction of the euro in Bulgaria**

## TUARASCÁIL ÓN GCOIMISIÚN

### CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, AN CHOMHAIRLE, AN BANC CEANNAIS EORPACH, COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS COISTE NA RÉIGIÚN

#### Tabhairt isteach an euro sa Bhulgáir

##### *Achoimre Feidhmiúcháin*

An 1 Eanáir 2026, d'éirigh an Bhulgáir ina 21<sup>ú</sup> Ballstát de chuid an Aontais a thug isteach an euro. Bhraith 62 % de mhuintir na Bulgáire go raibh an tabhairt isteach réidh agus éifeachtúil. Mheas 78 % díobh go raibh eolas maith acu ar an airgeadra aonair. Le feachtas cumarsáide saincheaptha, rud a bhí cómhaoinithe ag an Aontas, rannchuidíodh le faisnéis thráthúil, spriocdhírthe agus bheacht a sholáthar do dhaoine aonair, do ghnólachtaí agus do riaracháin maidir leis na gnéithe praiticiúla de thabhairt isteach an euro.

Chuaigh na hullmhúcháin le haghaidh tabhairt isteach an airgid thirim in euro mar a beartaíodh. Rinne Banc Náisiúnta na Bulgáire institiúidí creidmheasa a thús-ualú agus rinneadh custaiméirí corparáideacha a fho-thúsualú mar thoradh air sin le hairgead tirim in euro dhá mhí roimh an tabhairt isteach. Soláthraíodh líon leordhóthanach fearas tosaigh de mhonaí euro don phobal. Bhí gnólachtaí in ann airgead tirim in euro a ordú ó institiúidí airgeadais i bhfad roimh ré.

An tréimhse mhíosa le haghaidh déchúrsaíocht airgid thirim leva agus euro, d'imigh sé go rianúil. An 1 Eanáir, bhí nótaí bainc euro á ndáileadh ag 99 % de na huathmheaisíní bainc (UMBanna) uile sa tír. Ní mór do bhainc thráchtála airgead tirim leva a athrú go dtí deireadh 2026, saor in aisce go dtí an 30 Meitheamh agus faoi réir táillí a d'fhéadfadh a bheith ann ina dhiaidh sin. Is féidir nótaí bainc agus monaí leva a mhalartú ag Banc Náisiúnta na Bulgáire saor in aisce agus gan aon teorainn ama. Is féidir airgead tirim leva a mhalartú freisin in oifigí poist na Bulgáire saor in aisce, ach teorainn laethúil 1 000 leva a bheith ann agus go heisceachtúil suas le 10 000 leva ag suíomhanna ainmnithe i limistéir a bhfuil dlús daonra iontu.

Mar a tharla i gcás tabhairt isteach an euro roimhe seo, bhí inní ar an bpobal faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an tabhairt isteach an euro ar phraghsanna sa Bhulgáir. Murab ionann agus cásanna tabhairt isteach eile an euro i mBallstáit eile le déanaí, níor roghnaigh an Bhulgáir cód iompair deonach do ghnólachtaí chun gealltanais a thabhairt comhshónna praghsanna agus déthaispeáint praghsanna a cheartú roimh an tabhairt isteach. Ina ionad sin, rinne údarais na Bulgáire na bearta ba ghá chun cleachtais mhí-úsáideacha a chosc agus chun faireachán a dhéanamh ar éabhlóid na bpraghsanna, lena n-áirítear foilsíú ar líne praghsanna earraí a cheannaítear go minic agus smachtbhannaí as méaduithe mí-úsáideacha ar phraghsanna. An tionchar a bhaineann le harduithe praghsanna gan údar ar bhoilsciú comhiomlán, is cosúil go raibh sé réasúnta beag agus i gcomhréir lena breathnaíodh i gcásanna tabhairt isteach roimhe sin, ar an iomlán, bunaithe ar réamh-mheasúnú ar an bhfianaise a bhí ar fáil. I measc na moltaí maidir le cásanna tabhairt isteach a bheidh ann amach anseo, moltar sa tuarascáil dianfhaireachán a dhéanamh ar phraghsanna thar thréimhse sách fada i ndáil leis na hearnálacha is mó atá i mbaol.

## 1. RÉAMHRÁ

An 8 Iúil 2025, chinn an Chomhairle gur chomhlíon an Bhulgáir na coinníollacha is gá chun an euro a ghlacadh agus go raibh a maolú ó pháirt a ghlacadh san airgeadra aonair le haisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2026<sup>1</sup>.

Tá an Bhulgáir ar an 21<sup>ú</sup> Ballstát de chuid an Aontais a thug isteach an euro. Lean sí cleachtas na mBallstát uile a ghlac an euro tar éis an chéad rabharta den tabhairt isteach (1999-2002) agus d'úsáid sí cás thabhairt isteach na 'hollphléisce', mar a thugtar air, i.e. tugadh stádas dlíthairisceana do nótaí bainc agus monaí euro lá glactha an euro<sup>2</sup>. Le linn tréimhse dhéchúrsaíochta míosa, ar lena linn a cuireadh nótaí bainc agus monaí in euro agus leva na Bulgáire i gcúrsaíocht go comhthreomhar, bhíothas in ann airgead tirim in leva a tharraingt siar de réir a chéile. Leis an tabhairt isteach rathúil sin, léirítear arís gur leordhóthanach tréimhse dhéchúrsaíochta ghairid má ullmhaítear an tabhairt isteach go maith<sup>3</sup>.

De réir suirbhé ón gCoimisiún maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an euro ina rud maith, don Bhulgáir agus don Aontas araon, léirítear sna torthaí go bhfuil codarsnacht shoiléir idir measúnuithe náisiúnta agus measúnuithe ar leibhéal an Aontais. Ar an leibhéal náisiúnta, tá tuairimí éagsúla ann. Measann 49 % gur maith an rud é an euro a bheith ann don Bhulgáir, agus tá 43 % ar mhalairt tuairime. Léiríonn sé sin tuairim phoiblí sách polaraithe sa tréimhse díreach tar éis an tabhairt isteach. Os a choinne sin, tá tuairimí i bhfad níos dearfaí nuair a dhéanann freagróirí measúnú ar an euro ar leibhéal an Aontais. Measann 67 % gur maith an rud é an euro don Aontas, agus easaontaíonn 17 % leis sin. Deir 12 % eile nach féidir leo cinneadh a dhéanamh agus ní chuireann 4 % tuairim in iúl.

Leis an tuarascáil seo cumhdaítear na gnéithe is tábhachtaí den phróiseas tabhairt isteach ó thaobh *ex post* agus díritear ar na hullmhúcháin le haghaidh thabhairt isteach an airgid thirim, an tréimhse dhéchúrsaíochta, bearta a rinneadh chun méaduithe ar phraghsanna mhí-úsáideacha a chosc agus aghaidh a thabhairt ar údair inní a braitheadh maidir le boilsciú, treochothaí agus braistintí praghsanna, agus cumarsáid maidir leis an euro. I gcás inarb ábhartha, leis an tuarascáil leagtar amach freisin na moltaí ón gCoimisiún maidir le tuilleadh gníomhaíocht fhéideartha atá le déanamh ag údarais na Bulgáire agus tagtar ar chonclúidí a d'fhéadfadh a bheith luachmhar le haghaidh cásanna tabhairt isteach amach anseo.

## 2. NA GNÉITHE PRAITICIÚLA DEN TABHAIRT ISTEACH

Mheas tromlach na mBulgáirach (62 %) go raibh an tabhairt isteach réidh éifeachtúil<sup>4</sup>. Ina fhianaise sin, ba cheart breathnú ar bhealach níos mionsonraithe ar thrí ghné phraiticiúla de thabhairt isteach an euro: na hullmhúcháin le haghaidh tabhairt isteach an airgid thirim,

<sup>1</sup> Cinneadh (AE) 2025/1407 ón gComhairle an 8 Iúil 2025 maidir le glacadh an euro ag an mBulgáir an 1 Eanáir 2026, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1407/oj>

<sup>2</sup> Ghlac an chéad rabharta Ballstát an euro de réir 'Chás Mhaidrid', ar bhain idirthréimhse 3 bliana leis (1 bhliain amháin i gcás na Gréige).

<sup>3</sup> Bhí tréimhse dhéchúrsaíochta míosa ag Málta agus ag an gCipir, ach 2 sheachtain a bhí ann i gcás na Liotuáin, na Laitvia, na hEastóine, na Slóvaice agus na Slóivéine.

<sup>4</sup> Flais-Eorabharaiméadar 575, obair allamuigh a rinneadh ón 2 go dtí an 9 Feabhra 2026.

ullmhacht d'úsáid phraiticiúil an euro agus tréimhse na déchúrsaíochta chomh maith le nótaí bainc agus monaí leva na Bulgáire a tharraingt siar ó chúrsaíocht.

## **2.1. Ullmhúcháin le haghaidh tabhairt isteach an airgid thirim**

Is é tabhairt isteach an airgid thirim an eilimint is sofheicthe de ghlacadh an airgeadra aonair ós rud é go bhfuil na hinstiúidí airgeadais, na gnólachtaí agus na daoine aonair uile rannpháirteach. Tá réidhe agus éifeachtúlacht na hoibríochta sin ag brath ar sholáthar cuí airgid thirim in euro do na páirtithe uile atá rannpháirteach agus ar bhainc agus gnólachtaí a bheith ullmhaithe go maith le haghaidh an ualaigh oibre bhreise mhóir.

Chun ullmhú don tabhairt isteach, Mionta na Bulgáire, in éineacht le Mionta na Slóvaice mar fhochoonraitheoir, tháirg siad thart ar 528 milliún in mona euro le taobhanna náisiúnta na Bulgáire faoin 31 Eanáir 2026. Táirgfear 190 milliún mona eile i mbliana. Fuair an Bhulgáir 15 mhilliún mona EUR 2 freisin ó stoic bharrachais Bhallstáit eile an limistéir euro, agus tá sé beartaithe aici boinn EUR 1 a fháil amach anseo freisin de réir réamhaisnéisí agus éileamh an mhargaidh.

Sna tástálacha oiriúnachta praiticiúla a rinneadh ar mhonaí samplacha i meaisíní díola a úsáidtear sa limistéir euro, níor léiríodh aon údar inní leis sin. Úsáideadh 27,7 milliún bonn chun pacáistí tosaigh a ullmhú don phobal, ina raibh 42 mhona euro d'ainmníochtaí uile na mbonn euro Bulgárach arbh fhiú EUR 10,23. Thairis sin, d'ullmhaigh Mionta na Bulgáire fearais tosaigh tráchtála le haghaidh gnólachtaí ina raibh 420 mhona euro de na hainmníochtaí uile arbh fhiú EUR 102,30 iad. Ar deireadh, fuair Banc Náisiúnta na Bulgáire níos mó ná 557 milliún nóta bainc euro de gach ainmníocht ar iasacht ó bhainc cheannais náisiúnta eile sa limistéir euro.

An 3 Samhain 2025, thosaigh Banc Náisiúnta na Bulgáire ar airgead tirim in euro (tús-ualú) a sholáthar d'institiúidí airgeadais, i.e. 1 520 brainse de bhainc thráchtála. I bhfianaise na rioscaí slándála a bhaineann le minicíocht agus líon ard an iompair airgid thirim in euro, d'eagraigh Banc Náisiúnta na Bulgáire iompar airgid thirim lena chuid leoraithe féin. Bhain bainc thráchtála úsáid as feithiclí de chuid cuideachtaí iompair airgid thirim. Faoin 31 Nollaig 2025, tús-ualaíodh nótaí bainc arbh fhiú EUR 1,18 billiún iad agus monaí euro arbh fhiú EUR 59 milliún iad.

Thosaigh institiúidí creidmheasa ag soláthar nótaí bainc agus boinn euro ('fo-thúsualú') do 2 230 oifig phoist de chuid na Bulgáire agus dá gcustaiméirí móra gnó ón 3 Samhain 2025. I gcás cliant ghnó níos lú, d'fhéadfaidís úsáid a bhaint as nós imeachta simplithe fo-thús-ualaithe agus airgead tirim in euro a fháil ó bhainc thráchtála an 29 agus an 30 Nollaig 2025.

Faoin 31 Nollaig 2025, rinne institiúidí creidmheasa nótaí bainc euro arbh fhiú isteach agus amach le EUR 102 mhilliún iad a fho-thús-ualú chuig a gcliainnt. Faoin dáta céanna, rinneadh monaí euro arbh fhiú EUR 30 mhilliún iad a fho-thús-ualú chuig cliainnt.

An 31 Nollaig 2025 ní raibh leibhéal an fho-thúsualaithe cothrom ach le 10,7 % den luach tús-ualaithe iomlán. Bhí roinnt scuainí ann thall agus abhus ag cuntair banc sna chéad laethanta baincárachta d'Eanáir 2026 nuair a thosaigh cuid mhór miondíoltóirí agus gnólachtaí, a bhí níos lú den chuid is mó, ar airgead tirim a tharraingt amach. De réir údarais na Bulgáire, is dócha gurbh é ba chúis le fo-thúsualú déanach an ghrúpa de mhiondíoltóirí agus de ghnólachtaí sin drogall comhthaobhacht a sholáthar do na bainc sa ráithe dheireanach de 2025 chun ceannach nótaí bainc agus monaí euro a mhaoiniú i gcainníochtaí leordhóthanacha. Mar sin féin, cé is moite de roinnt scuainí i mbainc thráchtála ag tús mhí Eanáir, níor tuairiscíodh aon

teagmhas maidir le gnólachtaí, miondíoltóirí ná an pobal a raibh fadhbanna acu airgead tirim in euro a tharraingt amach, toisc go raibh nótaí bainc euro á soláthar ag 99 % de na UMBanna uile ar fud na tíre ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh freisin.

Bhí díol na bhfearas tosaigh don phobal an-sásúil. Díoladh 94 % den 660 000 fearas a bhí ar fáil faoin 31 Nollaig 2025, agus bhí airgead tirim in euro ag cuid den daonra cheana roimh an tabhairt isteach, ó thuras thar lear nó ó mhalartán i mbanc sa Bhulgáir. Ina theannta sin, na fearais tosaigh do mhiondíoltóirí, díoladh ar fad iad uile. Chuidigh sé sin ionas go bhféadfaí sóinseáil a sholáthar in euro go tapa ó na chéad laethanta de mhí Eanáir 2026 ar aghaidh. Ar an gcéad dul síos, thug Banc Náisiúnta na Bulgáire an deis do mhiondíoltóirí rollaí monaí euro a fháil de réir ainmníochta ó bhainc, toisc gur mheas miondíoltóirí go raibh sé níos praiticiúla iad a úsáid ná na fearais tosaigh.

Dála aon tabhairt isteach euro, b'éigean do bhainc thráchtála, agus oifigí poist méideanna arda airgid thirim a láimhseáil i gcasadh na bliana mar gheall ar fho-thúsualú miondíoltóirí agus gnólachtaí, díol pacáistí tosaigh agus creidiúnú airgid thirim in leva a tugadh ar ais. Na bainc thráchtála, Banc Náisiúnta na Bulgáire agus an 'Cash Service Company AD' [Cuideachta Seirbhíse Airgid Thirim AD], neartaigh siad a bhfoireann le linn an tabhairt isteach agus d'oscail siad cuntair thiomnaithe bhreise freisin chun oibríochtaí airgid a éascú. A bhui leis an méadú ar líon na n-áiritheoirí, ní raibh aon ghá le síneadh a chur leis na huaireanta oscailte níos faide ná na huaireanta breise ar an Satharn, ar lena linn a bhí Banc Náisiúnta na Bulgáire, oifigí réigiúnacha 'Cash Service Company AD' [Cuideachta Seirbhíse Airgid Thirim AD] agus roinnt banc tráchtála ar oscailt i mí Eanáir. Foireann an bhainc agus na hoifige poist a láimhseálann airgead tirim, cuireadh oiliúint orthu i bpearsa nó trí ríomhfhoghlaim i bhfad roimh ré, de réir mar a chuir Banc Náisiúnta na Bulgáire chun cinn é agus mar a threoraigh sé é chun ullmhú do láimhseáil rianúil airgid thirim in euro agus do mhalartú nótaí bainc agus monaí leva.

## **2.2. Ullmhacht d'úsáid phraiticiúil an euro agus don tréimhse dhéchúrsaíochta**

An tréimhse dhéchúrsaíochta ar lena linn a bhí an euro agus lev na Bulgáire i gcúrsaíocht, mhair sí go comhthreomhar ón 1 Eanáir go dtí an 31 Eanáir 2026.

Faoi mar a beartaíodh agus ullmhaíodh go maith, d'athraigh na teirminéil díolphointe uile sa Bhulgáir go dtí an euro láithreach an 1 Eanáir 2026. An 1 Eanáir 2026, bhí UMBanna réidh agus ar fáil le haghaidh tarraingt amach nótaí bainc an euro. Déanach i mí na Nollaig 2025, rinneadh UMBanna a lódáil le nótaí bainc EUR 10 agus EUR 20 agus ina dhiaidh sin freisin le EUR 50 go pointe áirithe, réidh le tarraingt amach ón 1 Eanáir 2026. Bhí 99 % de na 5 691 UMB sa Bhulgáir, an leibhéal is airde riamh, réidh le nótaí bainc euro a eisiúint chomh luath leis an 1 Eanáir 2026, figiúr a shroich 100 % cúpla lá ina dhiaidh sin.

De réir na sonraí páirteacha amháin atá ar fáil, d'fhan luach an airgid thirim a aistarraingíodh le linn na tréimhse déchúrsaíochta beagnach gan athrú i gcomparáid le bliain amháin roimhe sin, cé gur chuir miondíoltóirí úsáid modhanna íocaíochta leictreonacha chun cinn le linn na tréimhse tabhairt isteach. An tráth céanna, tháinig méadú beag thart ar 12 % ar úsáid íocaíochtaí le cárta i gcomparáid le mí Eanáir 2025.

Mar gheall ar ullmhúcháin chúramacha, chuaigh institiúidí creidmheasa airgeadais agus oifigí poist i ngleic go maith leis an ualach oibre breise le linn na tréimhse déchúrsaíochta. Sholáthair na bainc mhóra cuntair bhreise le haghaidh seirbhísí airgid thirim i mbrainsí roghnaithe. Thug banc tráchtála amháin ar a laghad cuireadh do chliaint a bhfuil níos mó ná 200 mona acu cuairt a thabhairt ar 'Eurohubs' atá ainmnithe go speisialta, a bhí feistithe le meaisíní comhairimh

monaí chun monaí leva a phróiseáil agus iad a chreidiúnú in euro. Ina theannta sin, osclaíodh cuid mhór brainsí de bhainc thráchtála ar an Satharn freisin le linn mhí Eanáir 2026.

D'fhéadfaí leva na Bulgáire a mhalartú ar euro ag 1 520 brainse bainc, 2 230 oifig phoist agus Banc Náisiúnta na Bulgáire. Faoi réir teorainneacha áirithe (suas le EUR 5 000 in aghaidh an idirbhirt, in aghaidh an duine), d'fhéadfaí leva na Bulgáire a mhalartú saor in aisce sna cúig lárionad airgid réigiúnacha den Cash Service Company AD [Cuideachta Seirbhíse Airgid Thirim AD], fochuideachta de Bhanc Náisiúnta na Bulgáire. Bhí luach iomlán an airgid thirim in leva a malartaíodh faoin 31 Eanáir 2026 trí na cainéil sin cothrom le EUR 11,17 milliún.

De réir suirbhé ón gCoimisiún a rinneadh idir an 2 agus an 9 Eanáir 2026 sa Bhulgáir<sup>5</sup>, ar na 71 % díobh sin a ndearnadh suirbhé orthu, ní dhearna siad airgead tirim in leva nó in euro a mhalartú nó a tharraingt amach ag bainc sa chéad tseachtain de mhí Eanáir. Tá an figiúr sin níos ísle ná na figiúirí a taifeadadh le linn cásanna áirithe tabhairt isteach roimhe sin, ach is toradh sásúil é mar sin féin<sup>6</sup>. Léiríodh ann gur lean daoine aonair agus gnólachtaí an moladh íocaíochtaí a dhéanamh in euro sna chéad laethanta nó fiú seachtainí trí mheán leictreonach más féidir, chun scuainí fada i mbainc thráchtála a sheachaint le linn na chéad laethanta den euro.

Chuaigh an tréimhse dhéchúrsaíochta in éag gan mórtheagmhais do thomhaltóirí. Ar an gcéad lá oibre den tabhairt isteach (an 5 Eanáir 2026), bhí íocaíochtaí airgid á ndéanamh cheana ag 6 % den phobal le hairgead tirim in euro amháin. Faoin 9 Eanáir, rinne 10 % de na daoine a ndearnadh suirbhé orthu íocaíochtaí in airgead tirim in euro amháin.

De réir suirbhé ón gCoimisiún a rinneadh sa Bhulgáir idir an 2 agus an 9 Feabhra 2026<sup>7</sup>, mheas 62 % de na freagróirí go raibh sé éasca monaí euro a láimhseáil, agus mheas 77 % díobh go raibh sé éasca nótaí bainc euro a láimhseáil; Thuig 79 % díobh luachanna in euro go héasca; Mheas 63 % go raibh déthaispeáint praghsanna úsáideach, i gcodarsnacht le 35 % nár mheas go raibh siad úsáideach; ar bhreathnú siar dúinn, níor thuairiscigh 52 % de fhreagróirí aon fhadhb sa chéad seachtain den tabhairt isteach, agus de na fadhbanna sin a tuairiscíodh, is do scuainí níos faide (11 %) agus d'fhadhbanna UMB (11 %) go príomha a thagair siad. Thuairiscigh sciar an-bheag de na freagróirí go raibh UMBanna as ord go sealadach (7 %) nó nach raibh dóthain airgid thirim in euro ar fáil ag cuntair bhainc (4 %).

Ar an iomlán, chuaigh an earnáil miondíola i ngleic go maith le dúshlán phróiseas an tabhairt isteach agus láimhseáil an dá airgeadra an tráth céanna. Bhí soláthar maith airgid thirim in euro ag miondíoltóirí agus níor tuairiscíodh aon mhórfhadhb maidir le scuainí. An 5 Eanáir bhí sóinseáil á fáil ag 26 % de na daoine in euro amháin.

### **2.3. Tarraingt siar nótaí bainc agus mhonaí leva na Bulgáire ó chúrsaíocht**

Ó tharla gur geilleagar é an Bhulgáir atá dian ar airgead tirim, bhí dúshlán lóistíochta ag baint le tarraingt siar airgid thirim in leva ó chúrsaíocht sa Bhulgáir.

Ní mór do bhainc thráchtála agus d'oifigí poist airgead tirim leva a athrú le haghaidh an euro go dtí deireadh 2026, saor in aisce go dtí an 30 Meitheamh. Is féidir le bainc thráchtála cinneadh a dhéanamh táille a ghearradh ón 1 Iúil 2026. Is féidir nótaí bainc agus monaí leva a mhalartú ag Banc Náisiúnta na Bulgáire saor in aisce agus gan aon teorainn ama leis, agus ag na cúig lárionad airgid réigiúnacha de chuid an 'Cash Service Company AD' [Chuideachta Seirbhíse

<sup>5</sup> Flais-Eorabharaiméadar 573.

<sup>6</sup> Bhí na figiúirí comhfhreagracha cothrom le 95 % san Eastóin, 90 % sa tSlóvaic, 88 % sa Chipir, 85 % i Málta agus 96 % sa tSlóivéin.

<sup>7</sup> Flais-Eorabharaiméadar 575.

Airgid AD], saor in aisce. I mí Feabhra 2026, tháinig laghdú seasta ar luach an leva atá i gcúrsaíocht i gcomparáid le hairgead tirim leva a bhí i gcúrsaíocht i mí Feabhra 2025. Rinneadh 36 % de mhéid iomlán an airgid thirim leva a bhí i gcúrsaíocht an 31 Nollaig 2024<sup>8</sup> a tharraingt siar ó chúrsaíocht roimh an 1 Eanáir 2026. Faoi dheireadh na tréimhse déchúrsaíochta an 31 Eanáir 2026, tarraingíodh siar thart ar 75 % den airgead tirim leva uile a bhí i gcúrsaíocht fós.

Trí bhealaí cumarsáide éagsúla agus trí na meáin, iarradh ar chuideachtaí agus ar dhaoine aonair focaíochtaí neamhairgid a úsáid i gcás inarb iomchuí le linn na tréimhse déchúrsaíochta, mar tá neart ama ann chun airgead tirim leva a mhalartú, lena n-áirítear tar éis dheireadh na tréimhse déchúrsaíochta. Leis an gcur chuige sin, seachnaíodh scuainí fada ag Banc Náisiúnta na Bulgáire agus ag oifigí réigiúnacha an Cash Services Company AD, agus ag bainc thráchtála agus oifigí poist sna chéad laethanta nó seachtainí den euro. Na huairéanta deireadh seachtaine speisialta a chuir banc ceannais na Bulgáire chun feidhme, i.e. Banc Náisiúnta na Bulgáire, agus ag os cionn 100 brainse bainc, bhí tionchar mór acu ar mhalartú airgeadra agus chuidigh siad le scuainí a laghdú.

Tosaíodh ar nótaí bainc agus monaí leva a tharraingt siar ó chúrsaíocht in am agus tá sé ag leanúint ar aghaidh go rathúil. Le linn na tréimhse déchúrsaíochta d'airgead tirim in euro agus leva dar críoch an 31 Eanáir 2026, malartaíodh nótaí bainc agus monaí leva dar luach EUR 5,7 billiún cheana, agus malartaíodh a dtromlach mór ag cuntair na mbanc tráchtála.

Thosaigh Banc Náisiúnta na Bulgáire luach airgid a bhaint de mhonaí leva a tugadh ar ais de réir a chéile ó mhí Lúnasa 2025. Díoltar na monaí airgid mar dhramh-mhiotal a léafar. Cuireadh tús freisin le luach airgid a bhaint de nótaí bainc leva a tugadh ar ais sa cheathrú ráithe de 2025 agus cuireadh i bhfeidhm de réir a chéile é.

### **3. SLÁNÚ, CRUINNEAS MEASTA AN CHOMHSHÓ PRAGHSANNA AGUS DÉTHAISPEÁINT PRAGHSANNA**

Mar a tharla i gcásanna tabhairt isteach an euro roimhe seo, bhí inní ar an bpobal faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tabhairt isteach an euro ar phraghsanna sa Bhulgáir. Dá bhrí sin, bhí sé rithábhachtach le haghaidh tabhairt isteach thrédhearcach agus chóir go ndéanfaidh údaráis na Bulgáire na bearta uile is gá chun cleachtais mhí-úsáideacha a sheachaint.

Déthaispeáint praghsanna éigeantach (in lev agus euro) tosaíodh air sin an 8 Lúnasa 2025 agus tiocfaidh deireadh leis sin an 8 Lúnasa 2026.

De réir suirbhé ón gCoimisiún<sup>9</sup>, rinne freagróirí idirdhealú soiléir idir gnéithe éagsúla de chleachtais phraghsála le linn an tabhairt isteach agus ina dhiaidh. Maidir le comhshó praghsanna, mheas 54 % go raibh sé ceart i gcónaí nó go minic (28 % i gcónaí, 26 % go minic). Tá an toradh sin os cionn raon thorthaí chásanna tabhairt isteach deireanacha an euro (an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin agus an Chróit). Os a choinne sin, mheas 32 % gur annamh a bhí sé ceart nó nach raibh sé ceart riamh (20 % go annamh, 12 % nach raibh sé ceart riamh), agus níor chuir 14 % tuairim in iúl.

Tá measúnuithe níos criticiúla maidir le slánú praghsanna. Níor mheas ach 41 % díobh siúd a ndearnadh suirbhé orthu go raibh slánú ceart i gcónaí nó go minic (17 % i gcónaí, 24 % go minic). Mheas 47 % díobh gur annamh a bhí an slánú ceart nó nach raibh sé ceart riamh (25 %

---

<sup>8</sup> Is ón 31 Nollaig 2024 atá na sonraí is déanaí atá ar fáil maidir le leva atá i gcúrsaíocht sular cuireadh tús leis an tarraingt siar.

<sup>9</sup> Eorabharaiméadar 575.

go hannamh, 22 % nach raibh sé ceart riamh), agus níor chuir 12 % eile tuairim in iúl. Fágann sé sin gurb é an slánú an ghné is conspóidí de shocrú praghsanna le linn an tabhairt isteach.

Tá braistintí níos dearfaí maidir le déthaispeáint praghsanna a chur chun feidhme. Mheas 64 % go raibh sé curtha chun feidhme i gcónaí nó go minic mar ba cheart (36 % i gcónaí, 28 % go minic). Os a choinne sin, mheas 25 % gur annamh a cuireadh chun feidhme é mar ba cheart nó nach raibh sé ceart riamh (18 % go annamh, 7 % nach raibh sé ceart riamh), agus níor chuir 11 % tuairim in iúl.

#### 4. CLEACHTAIS PRAGHSANNA MHÍ-ÚSÁIDEACHA A CHOSC

Murab ionann agus cásanna tabhairt isteach eile an euro i mBallstáit eile le déanaí, níor roghnaigh an Bhulgáir cód iompair deonach do ghnólachtaí chun gealltanais a thabhairt comhshónna praghsanna agus déthaispeáint praghsanna a cheartú roimh an tabhairt isteach. Chinn an Bhulgáir gan cód iompair den sórt sin a thabhairt isteach mar gheall ar dhearcadh diúltach an phobail ar shásraí den sórt sin, agus toisc, le Dlí na Bulgáire maidir le tabhairt isteach an Euro, go leagtar síos tacar cuimsitheach mionsonraithe oibleagáidí ceangailteacha do thrádálaithe. Mar shampla, leagtar síos leis rialacha a mhéid a bhaineann le suíomh, méid agus dath chló na bpraghsanna le linn thréimhse na déthaispeána, agus ceanglaítear leis ar mhiondíoltóirí praghsanna a shocrú go trédhearcach agus údar a thabhairt le haon mhéadú le tosca eacnamaíocha oibiachtúla. Na húdaráis cosanta tomhaltóirí agus ioncaim, déanann siad dlúthfhaireachán ar mhiondíoltóirí maidir le comhlíonadh na rialacha sin. Mar thoradh air sin, fágann an dlí raon feidhme teoranta do chód deonach chun caighdeáin fhóinteacha nó chomhlántacha a chur leis.

Mar sin féin, d'fhorbair agus d'fhoilsigh údaráis na Bulgáire treoirínthe mionsonraithe do ghnólachtaí maidir le déthaispeáint praghsanna agus tréimhse na déchúrsaíochta. Áirítear sna treoirínthe sin roinnt moltaí breise neamhéigeantacha, amhail (le linn na tréimhse déthaispeána) praghsanna leva a thaispeáint ar dtús go dtí an 31 Nollaig 2025, agus tosaíocht a thabhairt ina dhiaidh sin do phraghsanna in euro. Measadh go raibh an cur chuige sin níos éifeachtaí chun soiléireacht a áirithiú do thomhaltóirí agus na rioscaí a bhaineann le scéimeanna deonacha lipéadaithe nó deimhniúcháin á seachaint an tráth céanna.

Tá Coimisiún na Bulgáire um Chosaint Tomhaltóirí, an Ghníomhaireacht Ioncaim Náisiúnta agus an Coimisiún um Chosaint na hIomaíochta i gceannas ar chleachtais mhí-úsáideacha praghsanna maidir leis an euro a chosc agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith. Is féidir le tomhaltóirí éabhlóid phraghsanna na n-earraí a cheannaítear go coitianta a leanúint agus gearáin a chur faoi bhráid phointí teagmhála poiblí tiomnaithe na n-údarás faoi seach. Na húdair inní a chuir saoránaigh in iúl, bhain siad go príomha le fadhbanna amhail taispeáint praghsanna agus cur i bhfeidhm na rialacha slánaithe. Tá na ceisteanna agus na gearáin uile á láimhseáil go dícheallach ag na húdaráis inniúla. Ó thús na déphraghsála go dtí an 31 Eanáir 2026, fuair na trí údarás 23 449 gearán san iomlán.

Maidir leis na gearáin agus na tuarascálacha a cuireadh faoi bhráid Choimisiún na Bulgáire um Chosaint Tomhaltóirí, bhain siad le hoibreoírí eacnamaíocha i raon leathan earnálacha agus cumhdaíodh earraí agus seirbhísí araon leo. Áiríodh orthu sin soláthraithe earraí agus seirbhísí laethúla tomhaltóirí, amhail miondíol bia agus neamhbhí, chomh maith le seirbhísí éagsúla pearsanta, iompair, mótarfheithiclí, spóirt agus cúraim sláinte. Léiríonn an raon feidhme leathan sin nach raibh na dúshlán a bhaineann le tasc déphraghsais teoranta d'earnáil amháin ach go ndearna siad difear don iliomad réimsí de chaiteachas tomhaltóirí le linn tabhairt isteach an euro.

Formhór na ngearán a fuair Coimisiún na Bulgáire um Chosaint Tomhaltóirí, baineann siad le slabhraí miondíola (ollmhargaí), chomh maith le méaduithe ar phraghsanna seirbhísí iompair, seirbhísí cosmaideacha (gnóthais), seirbhísí ardán ar líne agus seirbhísí eile d'úsáideoirí deiridh.

Ag Coimisiún na Bulgáire um Chosaint Tomhaltóirí, eisíodh 383 thuarascáil riaracháin maidir le sárú. Thug na cásanna sin údar le smachtbhannaí riaracháin a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.

Go dtí seo, de na cásanna uile cláraíodh ag Coimisiún na Bulgáire um Chosaint Tomhaltóirí, réitíodh níos mó ná 50 % díobh. Léiríonn an toradh sin éifeachtacht na luath-idirghabhála agus na mbeart ceartaitheach, go háirithe i gcásanna ina raibh sáruithe neamhbheartaithe agus ina ndearna oibreoirí eacnamaíocha gníomhaíocht phras chun a gcleachtais a thabhairt i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla.

Thug Coimisiún na Bulgáire um Chosaint Tomhaltóirí thart ar 80 cás i gcrích agus eisíodh rabhaidh fhoirmiúla d'oibreoirí eacnamaíocha. Bhain na sáruithe ar tugadh aghaidh orthu trí rabhaidh go príomha le tásca praghsais in euro a bheith in easnamh, úsáid clómhéideanna nó dathanna éagsúla le haghaidh praghsanna a thaispeántar i lev na Bulgáire agus in euro, chomh maith le húsáid clónna atá beag go díreireach don ainmníocht airgeadra. Is léir gur ionstraim choisctheach éifeachtach a bhí sa sásra rabhaidh, lena rabhtas in ann comhlíonadh tapa a dhéanamh gan gá le smachtbhannaí láithreacha.

Ag an nGníomhaireacht Ioncaim Náisiúnta, bhain formhór na ngearán a fuarthas le cleachtais mhí-úsáideacha i siopaí grósaera, ollmhargaí, carrchlóis, gruagairí agus salóin áilleachta. Eisíodh thart ar 400 ordú smachtbhannaí riaracháin, ar cuireadh clabhsúr ar 102 díobh ó shin, lena n-áirítear 8 n-imeacht ar cuireadh clabhsúr orthu le rabhaidh ón nGníomhaireacht Ioncaim Náisiúnta. Cuireadh clabhsúr ar 94 imeacht trí fhíneáil a ghearradh.

Go dtí seo, fuair an Coimisiún um Chosaint na hIomaíochta thart ar 30 gearán faoi mhéaduithe gan údar ar phraghsanna, go háirithe ón 1 Eanáir 2026. Cuid de na gearáin, tharla siad mar níor comhlíonadh an dlí i dtéarmaí léiriú doiléir ar phraghsanna in euro agus in leva agus sóinseáil a thabhairt in euro le linn thréimhse na cúrsaíochta dé-airgeadra. Cuireadh gach gearán ar aghaidh chuig na húdaráis inniúla - an Gníomhaireacht Ioncaim Náisiúnta agus Coimisiún na Bulgáire um Chosaint Tomhaltóirí.

Mheas na Bulgáraigh go ginearálta go raibh déthaispeáint praghsanna ina huirlis úsáideach chun comparáidí praghsanna a éascú agus chun dul i dtaithe ar smaoineamh ina n-airgeadra nua. De réir suirbhé ón gCoimisiún Eorpacha a rinneadh in Eanáir 2026<sup>10</sup>, dúirt gar do dha thrian d'fhreagróirí sa Bhulgáir (63 %) gur mheas siad go raibh an déthaispeáint praghsanna úsáideach le linn an tabhairt isteach. Tá an céatadán sin i gcomhréir le tabhairt isteach deireanach an euro (an Chróit). Thairis sin, ar na 64 % de na Bulgáraigh a ndearnadh suirbhé orthu i mí Eanáir 2026, bhraith siad go minic nó go han-mhinic gur cuireadh déthaispeáint na bpraghsanna chun feidhme mar ba cheart, rud atá glan os cionn mheán na gcásanna tabhairt isteach deireanacha ar an euro (an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin agus an Chróit).

Ar an iomlán, maidir le tionchar an euro ar phraghsanna agus socrúithe praghsanna mí-úsáideacha, is údar inní i gcónaí é le haghaidh mhuintir na Bulgáire<sup>11</sup>. Dá bhrí sin, moltar leanúint de mhaoirseacht a dhéanamh ar dhéthaispeáint praghsanna, ar chur i bhfeidhm ceart na

<sup>10</sup> Flais-Eorabharaiméadar 575.

<sup>11</sup> Flais-Eorabharaiméadar 575.

rialacha comhshó agus slánaithe agus ar éabhlóid na bpraghsanna go mion go dtí an 8 Lúnasa 2026, is é sin nuair a thiocfaidh deireadh le déthaispeáint praghsanna.

## 5. TREOCHTAÍ AGUS BRAISTINTÍ PRAGHSANNA

Faoi mar a dhéantar le gach tabhairt isteach euro, bíonn ionchais áirithe maidir le tionchar ar phraghsanna forleathan sa tréimhse díreach tar éis an tabhairt isteach agus cuidíonn siad le míniú a thabhairt ar shuntasacht leanúnach na n-ábhar inní a bhaineann le praghsanna a fheictear go ginearálta sa suirbhé.

Nuair a fiafraíodh díobh an gceapann siad go gcuideoidh an euro le cobhsaíocht praghsanna a choinneáil ar bun sa Bhulgáir nó, os a choinne sin, boilsciú a mhéadú, léiríonn na torthaí forlámhas soiléir na n-ábhar inní maidir le boilsciú. Creideann 66 % go méadóidh an euro an boilsciú sa Bhulgáir, ar céatadán é atá beagán níos airde ná mar a bhí i gcásanna tabhairt isteach an euro roimhe seo<sup>12</sup>. Os a choinne sin, measann 21 % de mhuintir na Bulgáire go gcuideoidh an euro le cobhsaíocht praghsanna a choinneáil ar bun, ar céatadán é atá laistigh den raon a bhí ann roimhe i gcásanna tabhairt isteach an euro<sup>13</sup>.

Sa chomhthéacs sin, tugann na chéad sonraí atá ar fáil le fios nach raibh ach tionchar beag ag tabhairt isteach an euro ar bhoilsciú. Ba é 0,6 % an boilsciú míosúil réadaithe i mí Eanáir 2026, is é sin boilsciú nach raibh ach isteach agus amach le 0,1 pointe céatadáin níos airde ná mar a bhí coinne leis tráth réamhaisnéis an fhómhair ón gCoimisiún Eorpach, rud nár chuir aon mhéadú sonrathach san áireamh leis ó mhí Eanáir mar gheall ar thabhairt isteach an euro. Má dhéantar éifeacht an bhoilscithe a ghlanluacháil, is é sin éifeacht a bhí níos ísle ná mar a bhí coinne leis, i gcás táirgí bia neamhphróiseáilte, faightear éifeacht fhoriomlán 0,2 pointe céatadáin, figiúir atá i gcomhréir leis na héifeachtaí gearrthéarmacha a tugadh faoi deara i gcásanna tabhairt isteach a bhí ann roimhe. Is é mí Eanáir an mhí ina mbíonn an meánboilsciú mí ar mhí is airde sa Bhulgáir agus, mar is amhlaidh an cás go stairiúil, ba iad tosca séasúracha ba mhó ba chúis leis an mboilsciú i mí Eanáir 2026, amhail méaduithe ar phraghsanna riaracháin, praghsanna cíosa, fónais agus sintiúis eile. Go deimhin, i measc na bhfochatagóirí, thaifead seirbhísí fás suntasach míosúil 1,4 % ar phraghsanna i mí Eanáir 2026, ach ní sháraíonn ach leath den fhás sin ar phraghsanna seirbhísí an méid a raibh coinne leis tráth réamhaisnéis an fhómhair ón gCoimisiún Eorpach<sup>14</sup>.

I gcásanna tabhairt isteach an euro a rinneadh roimhe, léiríodh gurb iad na hearnálacha is mó atá tugtha d'arduithe praghsanna mí-úsáideacha le linn thabhairt isteach an euro gnólachtaí gaireachta agus soláthraithe seirbhíse. Cé nach cion mór den bhascaed tomhaltóirí caighdeánacha úsáidtear chun boilsciú a thomhas atá i gceist lena gcuid earraí agus seirbhísí, is iondúil go gceannaítear nó go dtomhlaítear iad go minic, agus go haonarach go han-mhinic, rud a thugann ard-infheictheacht d'athruithe praghsanna earraí agus seirbhísí den sórt sin. An tráth céanna, forbairtí níos fabhraí eile ar phraghsanna earraí nach gceannaítear chomh minic sin, is féidir nach mbeidh siad chomh suntasach sin le haghaidh tomhaltóirí. Dá thoradh sin, is minic a sháraíonn boilsciú braite boilsciú iarbhír.

<sup>12</sup> An Chróit 62 %, an Liotuáin 58 % agus an Laitvia 57 %.

<sup>13</sup> An Chróit 25 %, an Liotuáin, 26 % agus an Laitvia 19 %.

<sup>14</sup> Laistigh den chatagóir seirbhísí, chonacthas méaduithe suntasacha sna catagóirí áineasa, spóirt agus cultúir (1,1 %) agus bialann agus cóiríochta (1,7 %). I measc catagóirí eile, tháinig méadú 0,9 % ar bhia agus deochanna neamh-mheisciúla i mí Eanáir, agus tháinig méadú 3,1 % ar an gcatagóir cúraim phearsanta, cosanta sóisialta agus earraí agus seirbhísí ilghnéitheacha.

Tionchar foriomlán na n-arduithe praghsanna gan údar ar bhoilsciú, tionchar atá beag de réir cosúlachta, is é is cúis leis freisin freagairt bheartais thapa údarais na Bulgáire. Go deimhin, is é a tháinig as cigireachtaí gur ceartaíodh praghsanna boilscithe áirithe, rud a bhí ina dhíspreagadh maidir le tuilleadh arduithe praghsanna gan údar.

I gcomhréir leis an gcleachtas bunaithe tar éis ghlacadh an euro i mBallstáit eile, déanfaidh Eurostat measúnú ar fhorbairtí praghsanna tar éis thabhairt isteach an euro sa Bhulgáir. Is féidir coinne a bheith leis go dtiocfaidh an tuarascáil amach ó Eurostat sa dara leath de 2026.

## 6. BRAISTINT AGUS CUMARSÁID MAIDIR LEIS AN EURO

Thug an Bhulgáir faoi fheachtas cumarsáide uailmhianach tar éis an chinnidh fhabhraigh a fuarthas ón gComhairle an 8 Iúil 2025, i gcomhréir leis an straitéis chumarsáide náisiúnta<sup>15</sup>. Ba é cuspóir an fheachtais a áirithiú go gcuirfí muintir na Bulgáire, lena n-áirítear grúpaí leochaileacha agus daoine atá ina gcónaí i gceantair iargúlta, ar an eolas go soiléir, go hoibiachtúil, go cruinn, go pras agus go cuí faoin tionchar agus faoi na hathruithe praiticiúla a bhaineann leis an tabhairt isteach ón lev go dtí an euro. Ba mhó fós an gá a bhí leis ós rud é nach raibh ach tacaíocht mheasartha ann ón bpobal chun an euro a ghlacadh, agus nach raibh ach 49,2 % de mhuintir na Bulgáire i bhfabhar an euro i mí an Mheithimh 2025.

Ghníomhaigh údarais na Bulgáire le teann fuinnimh, agus sheol siad suíomh gréasáin (<http://evroto.bg>), d'eagraigh siad sraith imeachtaí agus seónna bóthair ar fud na tíre, d'eagraigh siad feachtas fógraíochta i bhfobhealach Shóifia agus ar chláir fógraí feadh mórghóithre, d'ullmhaigh siad ábhair chlóite don phobal agus do ghnólachtaí, chuir siad gearrthóga fógraíochta ar an teilifís agus ar an raidió, réachtáil siad feachtas digiteach, agus rinne siad bearta atá dírithe ar dhaoine leochaileacha, i measc nithe eile. Bhí rannán speisialta ag Banc Náisiúnta na Bulgáire freisin ar a shuíomh gréasáin ([Българска народна банка](#)), áit a bhfoilsíodh go rialta na Ceistanna agus Freagraí ab ábhartha maidir le glacadh an euro.

An feachtas comhpháirteach náisiúnta faisnéise ó Bhanc Náisiúnta na Bulgáire agus ón Aireacht Airgeadais, chomhordaigh an Aireacht Airgeadais é le tacaíocht ó institiúidí agus páirtithe leasmhara eile leis, amhail an Coimisiún um Chosaint Tomhaltóirí, Comhlachas Náisiúnta na mBardas i bPoblacht na Bulgáire, bainc, oifigí poist agus miondíoltóirí. Is díol spéise é gur thacaigh ceardchumann leis freisin, agus bhí ról lárnach ag Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Bulgáire maidir le dul i dteagmháil le daoine leochaileacha. Thacaigh an Banc Ceannais Eorpach go gníomhach leis an bhfeachtas freisin trí imeachtaí agus tionscnaimh éagsúla, amhail seimineár d'iriseoirí in Frankfurt agus feachtas digiteach).

Faoi chuimsiú Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhaontú Deontais ina dhiaidh sin a síníodh idir Aireacht Airgeadais na Bulgáire agus an Coimisiún Eorpach, is é an Coimisiún a chómhaoiníonn an feachtas cumarsáide (i gcomhréir le cásanna tabhairt isteach roimhe, tá suas le 50 % de chostais incháilithe á maoiniú ag an gCoimisiún, costais iomlána a chomhfhreagraíonn do EUR 1 in aghaidh an chónaitheora; i gcás na Bulgáire, is é EUR 2,6 milliún an t-uasmhéid a comhaontaíodh).

Leis an bhfeachtas rannchuidíodh le tabhairt isteach réidh an euro, mar a dheimhnítear le suirbhé Eorabaraiméadair lena léirítear gur bhraith 78 % de mhuintir na Bulgáire go raibh eolas maith acu faoi thabhairt isteach an euro; Mheas 62 % díobh go raibh an próiseas réidh

<sup>15</sup> <https://www.minfin.bg/en/1570>

agus éifeachtúil; agus dúirt 52 % díobh nach raibh aon fhadhb acu chun airgead tirim in leva á mhalartú in euro acu nó nuair a tharraing siad airgead amach ó bhainc sa chéad seachtain<sup>16</sup>.

Chuidigh na meáin (idir eagraíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha) le feasacht a mhúscailt maidir leis na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann le tabhairt isteach an euro do shaol na ndaoine. Bhí tonúlacht na meán thart ar an 1 Eanáir 2026, is é sin lá an tabhairt isteach, fíorasach agus dearfach ar an iomlán, agus tharraing eagraíochtaí náisiúnta aird ar thabhairt isteach an euro mar éacht suntasach a chuirfidh borradh faoi ról na Bulgáire laistigh den Aontas.

Mar a tugadh faoi deara thuas, áfach, is cosúil go bhfuil tuairimí an phobail fós scoilte maidir le tairbhí an euro, agus measann 49 % de mhuintir na Bulgáire gur rud maith é an euro dá dtír, agus tá 43 % ar mhalairt tuairime<sup>17</sup>. D'fhéadfaí é sin a mhíniú leis an eagla roimh mhéaduithe suntasacha ar phraghsanna, a bhí forleathan ar feadh na míonna roimh an tabhairt isteach, mar thoradh ar fheachtas bréagaisnéise dea-eagraithe dar leis na páirtithe leasmhara. Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil tuairimí i bhfad níos dearfaí nuair a dhéanann daoine sa Bhulgáir measúnú ar an euro ó thaobh an Aontais de, agus measann 67 % de na freagróirí gur rud maith don Aontas é an euro a bheith acu.

Chun cuidiú le feasacht a mhúscailt maidir leis an tabhairt isteach agus insint dhearfach a chur chun cinn, thacaigh Ard-Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an Choimisiúin Eorpaigh leis an bhfeachtas náisiúnta ní hamháin le gníomhaíochtaí preasa, seimineáir d'iriseoirí sa Bhruiséil agus i Sóifía agus táirgí amhairc (lena n-áirítear meirgí ar fhoirgneamh Charlemagne a chuireann fáilte roimh an mBulgáir chuig an limistéar euro) ach freisin, in éineacht le hArd-Stiúrthóireacht na Cumarsáide an Choimisiúin Eorpaigh, le feachtas meán sóisialta an-fheiceálach chun tairbhí an euro a léiriú (sroicheadh thart ar 1,9 milliún úsáideoir ar Instagram agus 3.7 milliún ar Facebook).

## **7. CONCLUÍDÍ MAIDIR LE TABHAIRT ISTEACH EURO NA BULGÁIRE AGUS MOLTAÍ LE HAGHAIDH CÁSANNA TABHAIRT ISTEACH AN EURO AMACH ANSEO**

Bhí tabhairt isteach an euro sa Bhulgáir dea-ullmhaithe agus dea-eagraithe agus d'éirigh go maith leis. Soláthraíodh airgead tirim in euro go leordhóthanach roimh an tabhairt isteach d'institiúidí airgeadais, do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair.

Ós rud é go bhfuil imní ar an bpobal i gcónaí faoi mhéaduithe ar phraghsanna, ba cheart d'údarais na Bulgáire leanúint de dhianchigireachtaí praghsanna a dhéanamh chun a áirithiú go léirítear praghsanna mar is ceart, chun srian a chur le méaduithe gan údar agus, i gcás inarb infheidhme, chun dleachtanna a leagtar síos i ndlíthe cosanta tomhaltóirí agus iomaíochta a fhorfheidhmiú.

Faoi mar a dhéantar sa Bhulgáir, ba cheart faireachán dian a dhéanamh ar phraghsanna i gcásanna tabhairt isteach a bheidh ann amach anseo agus é a dhéanamh thar thréimhse sách fada i ndáil leis na hearnálacha is mó atá i mbaol, ionas gur féidir méaduithe ar phraghsanna gan údar a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu go pras. D'fhágfadh sin go mbeifí in ann cigireachtaí agus beartas a dhíriú ar bhealach níos fearr ar chiontóirí, agus, an tráth céanna, suntasacht fianaise starógaí a laghdú agus údair imní gan bhunús sa dioscúrsa poiblí a dhíbirt.

I gcásanna tabhairt isteach a bheidh ann amach anseo, ba cheart aird a thabhairt ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le cód iompair gnó neamhcheangailteach a bheith ann seachas

<sup>16</sup> Flais-Eorabharaiméadar 575

<sup>17</sup> Flais-Eorabharaiméadar 575, obair allamuigh a rinneadh idir an 2 agus an 9 Feabhra 2026

dlíthe cosanta tomhaltóirí agus iomaíochta a chur i bhfeidhm go dian. Ba cheart na buntáistí agus na míbhuntáistí sin a mheas i bhfianaise thaithí na Bulgáire, ar thaobh amháin, agus i bhfianaise thaithí na mBallstát eile a thug isteach an euro agus a bhfuil cód den chineál sin acu, ar an taobh eile.

Ós rud é go mbaineann costas le tásca déphraghais agus go dtagann daoine ar an eolas faoin airgeadra aonair sách tapa, d'fhéadfaí leanúint de thréimhse éigeantach an tásca déphraghais a choinneáil ar bun ar feadh bliana.

Maidir le monaí a fho-thúsualú chuig gnólachtaí, d'fhéadfadh na Ballstáit a aontaíonn don euro amach anseo machnamh a dhéanamh ar shampla na Bulgáire a leanúint maidir le rollaí monaí d'ainmníochtaí éagsúla seachas samplaí iolracha d'fhearais tosaigh a chur ar fáil do ghnólachtaí, mar is léir go bhfuil rollaí monaí níos áisiúla agus gur lú an t-ualach a bhaineann lena láimhseáil do ghnólachtaí ná na fearais tosaigh.

Le taithí na Bulgáire, deimhnítear go bhfuil cumarsáid agus feachtas feasachta poiblí tábhachtach chun an euro a thabhairt isteach go rianúil.

I bhfianaise na tréimhse réasúnta gairid idir tuarascáil dhearfach maidir le cóineasú agus dáta an tabhairt isteach, ba cheart do na Ballstáit nár thug isteach an euro go fóill sólas a bhaint as taithí na Bulgáire maidir lena riachtanais chumarsáide a fháil tríd an gconradh le haghaidh seirbhísí cumarsáide a roinnt ina mbearta chun dul i ngleic le moilleanna ar an mbealach is fearr a d'fhéadfadh a bheith ann agus pleananna teagmhasacha a chur i bhfeidhm.